An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí

25 YEARS EU EARLY WARNING SYSTEM ON NEW PSYCHOACTIVE SUBSTANCES 1997–2022

# News release
from the EU drugs agency in Lisbon

TUARASCÁIL EORPACH AR DHRUGAÍ 2022: BUAICPHOINTÍ

## Borradh faoi sholáthar agus úsáid drugaí tar éis briseadh le linn COVID-19

(14.06.2022, LIOSPÓIN — **EMBARGO 11.00 CET/10.00 Liospóin**) Tá an athbhorradh tapa ar sholáthar agus úsáid drugaí tar éis briseadh le linn COVID-19 i measc na saincheisteanna atá ardaithe ag **An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí (EMCDDA)** inniu agus í ag seoladh ***Tuarascáil Eorpach ar Dhrugaí 2022: Treochtaí agus Forbairtí*** ([1]). Tugann an tuarascáil an forbhreathnú is déanaí ar staid na ndrugaí san Eoraip, ag déanamh iniúchadh ar threochtaí fadtéarmacha agus bagairtí atá ag teacht chun cinn. Agus dúshláin nua ag teacht chun cinn a bhuí leis an staid idirnáisiúnta, breathnaítear sa tuarascáil freisin ar conas a d'fhéadfadh imeachtaí domhanda leanúnacha dul i bhfeidhm ar dhinimic fhadhb drugaí na hEorpa amach anseo.

San athbhreithniú bliantúil, déantar cur síos ar an gcaoi a leanann fadhbanna drugaí na hEorpa de bheith ag éabhlóidiú agus ar an gcaoi a bhfuil an nuálaíocht taobh thiar de mhargadh na ndrugaí. Tá leibhéal ard infhaighteachta drugaí le brath ar fud an AE (agus i gcásanna áirithe, amhail cócaoin, sáraíonn sé an leibhéal réamhphaindéimeach) agus tá substaintí láidre guaiseacha fós ag teacht chun cinn. Léirítear sa tuarascáil freisin an chaoi a bhfuil táirgí cannabais ag éirí níos éagsúla agus an chaoi a bhfuil méadú ag teacht ar tháirgeadh drugaí sintéiseacha san Eoraip.

Maidir le húsáid drugaí, tá gach cosúlacht ann go bhfuiltear ag filleadh ar na leibhéil réamhphaindéimeacha. Léiríonn anailís d'fhuíolluisce, mar shampla, méaduithe ar úsáid cócaoin, cnagchócaoin, amfataimíní agus meitiolamfataimíní i roinnt cathracha idir 2020 agus 2021 ([2]). Agus de réir mar a maolaíodh srianta COVID-19 ar fud na hEorpa, is cosúil go bhfuil cóireáil drugaí agus seirbhísí eile tar éis filleadh ar 'an ngnó mar is gnách', agus ag an am céanna, cloítear fós le roinnt de na cleachtais nuálaíocha ar glacadh leo le linn na dianghlasála (ríomhsheirbhísí sláinte, teilileigheas).

Deir an **Coimisinéir Eorpach um Ghnóthaí Baile, Ylva Johansson:** 'Léiríonn an t-ardú leanúnach ar tháirgeadh drugaí sintéiseacha laistigh den AE an feachtas gan staonadh atá ar bun ag grúpaí coireachta eagraithe chun brabús a bhaint as gnó na ndrugaí mídhleathacha, rud a chuireann sláinte agus slándáil an phobail i mbaol. Is ábhar imní ar leith é go bhfuil comhpháirtíochtaí idir líonraí coiriúla Eorpacha agus idirnáisiúnta mar chúis leis an líon is mó riamh de chócaoin a bheith ar an margadh agus le monarú meitiolamfataimíní ar scála tionsclaíoch san Eoraip. D'fhéadfadh úsáid mhéadaithe agus díobhálacha eile a bheith mar thoradh air sin. Leanfaidh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit de bheith ag cur in aghaidh na mbagairtí sin atá ag teacht chun chinn trí iarracht chomhoibríoch, bunaithe ar thosaíochtaí coireachta an AE agus ar straitéisí drugaí agus slándála.'

Cuireann **Stiúrthóir EMCDDA Alexis Goosdeel** leis: 'Is féidir teachtaireacht na tuarascála seo a achoimriú i dtrí fhocal: *Gach Áit, Gach Rud, Gach Duine*. Ní raibh teacht ar dhrugaí seanbhunaithe riamh chomh hinrochtana sin agus tá substaintí láidre nua ag teacht chun cinn i gcónaí. Sa lá atá inniu ann, is féidir le beagnach rud ar bith a bhfuil airíonna sícighníomhacha ann a bheith ina dhruga, de réir mar a bhíonn na línte doiléir idir substaintí dleathacha agus aindleathacha. Agus d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar gach duine, go díreach nó go hindíreach, toisc go mbíonn an chuid is mó de na dúshláin thábhachtacha eile sláinte agus shóisialta atá romhainn inniu níos measa de bharr fadhbanna drugaí. Tagann an tuarascáil seo ag tráth a bhfuil mórimeachtaí domhanda ag dul i bhfeidhm ar gach réimse dár saol. Tríd an anailís a dhéanann sé ar

Contact: Kathy Robertson, Media relations
Praça Europa 1, Cais do Sodré, 1249-289 Liospóin, Phortaingéil
Tel. (351) 211 21 02 00 I (351) 935 994 027 I press@emcdda.europa.eu I emcdda.europa.eu

threochtaí reatha agus ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn, scrúdaíonn sé conas a d'fhéadfadh tionchar a bheith ag na forbairtí sin ar fhadhbanna drugaí san Eoraip amach anseo. Creidim go láidir nach bhféadfaimid dul i ngleic leis na saincheisteanna casta beartais i réimse na ndrugaí mura bhfuil mar bhonn lenár bhfreagraí tuiscint chothrom fianaise-bhunaithe ar an bhfadhb'.

**Leanann substaintí guaiseacha sícighníomhacha nua de bheith fós ar fáil - ag díriú ar cháitíonóin**

Leanann Substaintí sícighníomhacha nua (NPSanna) de bheith ar fáil san Eoraip ag ráta de shubstaint amháin in aghaidh na seachtaine, rud a chruthaíonn dúshlán sláinte poiblí. In 2021, tuairiscíodh 52 druga nua den chéad uair trí Chóras Réamhrabhaidh an AE (EWS), ag tabhairt líon iomlán na NPSanna a ndearna an EMCDDA faireachán orthu go 880. In 2021, tuairiscíodh don chéad uair, 6 ópóideach shintéiseachanua, 6 cháitíonón shintéiseacha nua agus 15 channaibionóideach shintéiseachanua. Foilsítear tuarascáil nua ar éachtaí an EWS inniu agus mar a ndéanann an líonra ceiliúradh 25 bliain ar an bhfód ([3]).

Urghabhadh méideanna níos airde de NPSanna san Eoraip in 2020 (AE 27, an Tuirc agus an Iorua), arbh fhiú 6.9 tonna ar an iomlán (41 100 urghabháil). Den ábhar a urghabhadh, cáitíonóin shintéiseacha a bhí i 3.3 tona de, a dhíoltar go minic mar athchur ar spreagthaigh sheanbhunaithe (m.sh. cócaon, MDMA). Tar éis rialuithe ar cháitíonóin shintéiseacha sa tSín, tháinig formhór na gcainníochtaí móra de na substaintí sin a rinneadh gáinneáil orthu chuig an Eoraip in 2020 ón India, rud a léiríonn oiriúnú an mhargaidh do rialuithe dlíthiúla agus briseadh soláthair, is dócha. Ag deireadh na bliana 2021, bhí an **EMCDDA** ag déanamh faireacháin ar 162 cáitíonón shintéiseacha, rud a fhágann gurb é an dara catagóir is mó de NPSanna atá á bhreathnú tar éis cannaibionóidigh shintéiseacha (faireachán á dhéanamh ar 224 díobh sin). Le líon mór de gháinneáil cáitíonóin shintéisigh chuig an Eoraip nach bhfacthas riamh agus tuairiscí ar dhíobháil (m.sh. nimhiú) , spreagadh freagraí nua ar an bhfadhb. Rinneadh measúnú riosca ar dhá cháitíonón shintéiseacha3-MMC agus 3-CMC in 2021 agus mhol an Coimisiún Eorpach rialú a dhéanamh orthu ar fud an Aontais Eorpaigh.

**Cannabas — forbairtí nua don druga aindleathach is coitianta san Eoraip**

Tá dúshláin nua á gcruthú ag forbairtí i réimse an channabais i ndáil leis an gcaoi a dtugann tíortha aghaidh ar fhadhbanna a ghabhann leis an druga aindleathach is mó a úsáidtear san Eoraip. Tá táirgí cannabais ag éirí níos éagsúla, lena n-áirítear eastóscanna agus iteáin channabais (ábhar le méid ard THC) agus táirgí CBD (ábhar le méid íseal THC). Tá timpeallacht bheartais cannabais na hEorpa ag athrú freisin, agus raon feidhme na mbeartas ag leathnú de réir a chéile. Chomh maith le rialú cannabais aindleathaigh, cumhdaítear le beartais anois rialú cannabais chun críocha leighis agus úsáidí eile.

In 2020, b'ionann meánchion THC de roisín cannabais agus 21 %, beagnach dhá oiread níos mó ná an cion de channabas luibhe (11 %), arb ionann le haisiompú ar an treocht a chonacthas le blianta beaga anuas, nuair a bhí neart níos airde ag cannabas luibhe de ghnáth. Léiríonn sé seo nuálaíocht sa mhargadh mar is cosúil gur fhreagair táirgeoirí roisín, ó lasmuigh den AE de ghnáth, d'iomaíocht ó channabas luibhe a tháirgtear san Eoraip. Dírítear aird sa tuarascáil freisin ar an imní atá ann faoi tháirgí cannabais aindleathacha a thruaillmheascadh le cannaibionóidigh shintéiseacha, ar féidir leo a bheith an-láidir agus tocsaineach. D'fhéadfadh sé nach mbeadh a fhios ag úsáideoirí a chreideann gur cheannaigh siad táirgí cannabais nádúrtha go bhfuil cannaibionóidigh shintéiseacha i dtáirge éigin agus go bhfuil siad i mbaol ó rioscaí sláinte níos mó.

**Comharthaí go bhfuil méadú ar tháirgeadh drugaí, ar gháinneáil agus ar infhaighteacht drugaí san Eoraip**

Díchóimeáladh níos mó ná 350 saotharlann táirgthe drugaí mídhleathacha in 2020, lena n-áirítear roinnt láithreán táirgthe cócaoin, meitiolamfataimín agus cáitíonóin ar scála mór. Tugann an anailís is déanaí le fios go bhfuil infhaighteacht cócaoin san Eoraip fós ard, rud a fhágann go bhfuil raon de bhagairtí sláinte ann dá bharr. Urghabhadh an líon is airde riamh de 213 tonna cócaoin san AE in 2020 (202 tona in 2019), agus díchóimeáladh 23 saotharlann (15 díobh in 2019) ([4]).

Tá infhaighteacht amfataimíní ard go leor freisin agus tá seans go bhfuil sí sin ag méadú go fóill. In 2020, d'urghabh Ballstáit AE 21.2 tonna (15.4 tona in 2019) an líon is airde riamh agus díchóimeáladh 78 saotharlann amfataimín (38 in 2019). Sa tuarascáil, dírítear ar líon méadaitheach na n-áiseanna táirgthe meitiolamfataimín ar scála mór agus ar mheánscála a rinneadh a dhíchóimeál san Eoraip. Tháinig athrú ar

tháirgeadh agus ar sholáthar meitiolamfataimín san Eoraip le déanaí. Cruthaíonn an fhorbairt sin riosca maidir le hinfhaighteacht níos leithne agus baol úsáide méadaithe.

Bhí líon na saotharlann MDMA a díchóimeáladh (29) measartha cobhsaí in 2020. Ina theannta sin, díchóimeáladh 15 láithreán táirgthe cáitíonóin (5 in 2019) agus urghabhadh 860 kg de réamhtheachtaithe ceimiceacha le haghaidh táirgeadh cáitíonóin (438 in 2019). Cé nach bhfuil sé chomh coitianta, díchóimeáladh saotharlanna aindleathacha inar táirgeadh hearóin, céataimín, GBL agus DMT san AE in 2020 freisin.

Is í an phríomhcheist a thagann chun solais sa tuarascáil ná cibé an bhfuil nó nach bhfuil meath ag teacht ar mhargaí drugaí ar an idirlíon dorcha. Is cosúil go raibh tionchar ag roinnt fachtóirí ar ghníomhaíocht ar na margaí seo (m.sh gníomhaíocht um fhorghníomhú an dlí, fadhbanna seachadta, camscéimeanna).
Ag deireadh 2021, thit an t-ioncam measta go suntasach go dtí beagán faoi EUR 30 000 in aghaidh an lae, (i gcomparáid le EUR 1 mhilliún in aghaidh an lae in 2020). Is cosúil go bhfuil na meáin shóisialta agus aipeanna teachtaireachtaí meandracha i bhfabhar mar fhoinse soláthair níos sábháilte agus níos áisiúla, rud a chuireann béim ar an ngá atá le freagraí sa réimse seo.

**Tá gá le seirbhísí cóireála agus laghdaithe díobhála a mhéadú**

Leagann tuarascáil an lae inniu béim ar an ngá atá le seirbhísí cóireála agus laghdaithe díobhála a mhéadú san Eoraip do dhaoine a insteallann drugaí. In 2020, ba iad an **tSeicia, an Spáinn, Lucsamburg** agus an **Iorua** na tíortha amháin a tuairiscíodh comhlíonadh le spriocanna 2020 na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO) de 200 steallaire a sholáthar in aghaidh na bliana in aghaidh an duine a insteallann drugaí agus an duine a insteallann drugaí in aghaidh na bliana agus cóireáil agónaí ópóideach (OAT) a chur ar fáil do 40 % den daonra úsáideoirí ardriosca ópóideach, fachtóir cosanta i gcoinne ródháileog drugaí. In 2020, measadh go raibh milliún úsáideoir ard-riosca opióideach san AE agus 514 000 cliant i mbun OAT, rud a thugann le tuiscint go raibh clúdach cóireála iomlán de 50 % i gceist. Tá difríochtaí móra le brath ó thír go tír, áfach, agus níl soláthar cóireála leordhóthanach fós i go leor Ballstát AE.

Tá baint ag instealladh drugaí le fadhbanna sláinte tromchúiseacha, cosúil le galair thógálacha, ródháileog agus básanna. Cé go bhfuil laghdú ag teacht ar instealladh hearóin, tá imní ag dul i méid faoi instealladh raon níos leithne de shubstaintí, lena n-áirítear amfataimíní, cócaoin, cáitíonóin shintéiseacha, opióidigh ar oideas agus cógais eile.

Fuair thart ar 5 800 duine bás de bharr ródháileoige, a bhain le drugaí aindleathacha, san AE in 2020. Baineann an chuid is mó de na básanna sin le tocsaineacht ildrugaí, agus de ghnáth bíonn meascáin d’ópióidigh aindleathacha, drugaí aindleathacha eile, cógais agus alcól i gceist ([5]). Taobh le hinfhaighteacht ard cócaoin san Eoraip, tugann tuairiscí le fios go bhféadfadh méadú a bheith tagtha ar úsáid cnagchócaoin agus tá sé sin le feiceáil anois i measc úsáideoirí leochaileacha drugaí i níos mó cathracha agus tíortha araon. De ghnáth caitear cnagchócaon, ach is féidir é a instealladh freisin, agus tá sé nasctha le raon díobhála sláinte agus sóisialta (m.sh. galair thógálacha agus foréigean). Léiríonn treochtaí fadtéarmacha tuairim is 7 000 cliant ag dul isteach i gcóireáil drugaí le fadhbanna de bharr cnagchócaoin san Eoraip in 2020, líon faoi thrí ar an líon in 2016.

**An staid idirnáisiúnta: dúshláin nua agus bagairtí féideartha**

D’fhéadfadh tionchar a bheith ag forbairtí idirnáisiúnta ar fhadhbanna drugaí san Eoraip. Déantar breithniú i dtuarascáil an lae inniu ar na forbairtí is déanaí san **Afganastáin** agus san **Úcráin** agus na himpleachtaí féideartha do réimse na ndrugaí a d’fhéadfadh a bheith leo. Cé go bhfuil sé ró-luath tionchar iomlán na n-imeachtaí sin a mheas, beidh gá le faireachán spriocdhírithe ar an gcás chun eolas a chur ar fáil do bheartas agus do fhreagairtí.

In ainneoin thoirmeasc 2022 an Talaban ar tháirgeadh, díol agus gáinneáil drugaí aindleathacha san **Afganastáin**, is cosúil go bhfuil saothrú poipín fós ar bun. Mar thoradh ar fhadhbanna airgeadais reatha na tíre sin, d’fhéadfadh ioncam ó dhrugaí a bheith ina fhoinse ioncaim níos tábhachtaí amach anseo, rud a d’fhéadfadh méadú ar gháinneáil hearóin go dtí an Eoraip a bheith mar thoradh air. Príomhcheist eile is ea an mbeidh an Eoraip ina margadh tomhaltóra do mheitiolamfataimíní a tháirgtear san Afganastáin. Soláthraíonn táirgeoirí Eorpacha an druga sin don mhargadh AE faoi láthair. Tugadh táirgeadh mórscála meitiolamfataimín bunaithe ar

ephedra san Afganastáin faoi deara le déanaí, áfach, chomh maith le níos mó urghabhálacha den druga sin feadh roinnt bealaí seanbhunaithe gáinneála hearóine.

Cuireann an cogadh san **Úcráin** leis an éiginnteacht a bhaineann le staid na ndrugaí san Eoraip. Ní bheidh i gceist le daoine a fhaigheann rochtain ar chóireáil drugaí san Úcráin ach cion beag de na daoine a bheidh ag lorg tearmainn san AE. Beidh leanúnachas cóireála ag teastáil ó na daoine seo chomh maith le seirbhísí a bheidh in oiriúint dá sainriachtanais agus ó thaobh teanga de. Ar bhonn níos ginearálta, is dócha gur fhulaing iad siúd atá ag teitheadh ón gcoinbhleacht strus síceolaíoch trom, rud a chiallaíonn go bhféadfaidís a bheith níos leochailí d'fhadhbanna mí-úsáide substaintí. D'fhéadfadh an cogadh a bheith ina chúis le hathruithe ar bhealaí gáinneála freisin, de réir mar a bhaineann coirpigh leas as leochaileachtaí nó de réir mar a sheachnaíonn siad limistéir a mbíonn tionchar orthu.

Mar fhocal scoir, deir **Cathaoirleach Bhord Bainistíochta EMCDDA Franz Pietsch**: 'Cuireann tuarascáil an lae inniu forbhreathnú straitéiseach agus iomlánaíoch ar fáil dúinn ar staid na ndrugaí san Eoraip agus ar a himpleachtaí do shláinte agus do shlándáil an phobail. Is acmhainn riachtanach í chun cabhrú le lucht déanta beartas agus le gairmithe i réimse na ndrugaí feabhas a chur ar a n-ullmhacht agus a bhfreagairt.
An tseachtain seo, feicimid Córas Luathrabhaidh an Aontais Eorpaigh um shubstaintí sícighníomhacha nua ag ceiliúradh 25 bliain ar an bhfód. De réir mar a thagann drugaí nua ar an margadh, tá gá le níos mó tacaíochta do chórais luathrabhaidh náisiúnta agus do thástáil fhóiréinseach agus thocsaineolaíoch chun na bagairtí atá ag teacht chun cinn a bhrath agus chun bheith in ann freagairt orthu ar bhealach níos fearr agus chun sláinte an phobail a chosaint.'

---

[1] *Tuarascáil Eorpach ar Dhrugaí 2022* (25 teanga) —https://www.emcdda.europa.eu/edr2022_en
Sonraí náisiúnta atá mar bhonn taca leis an tuarascáil (Feasachán Staidrimh 2022) — https://www.emcdda.europa.eu/data/stats2022_en
Déantar cur síos sa tuarascáil ar staid na ndrugaí suas go dtí deireadh 2021, bunaithe ar shonraí ó 2020 agus, nuair atá siad ar fáil, ó 2021.
[2] https://www.emcdda.europa.eu/news/2022/2/latest-wastewater-data-reveal-drug-taking-habits-75-european-cities_en
[3] https://www.emcdda.europa.eu/publications/rapid-communication/update-eu-early-warning-system-2022_en
[4] Anailísí is déanaí ar mhargadh cócaoin agus meitiolamfataimíní san AE — https://www.emcdda.europa.eu/publications/eu-drug-markets_en
[5] Miontreoracha EMCDDA maidir le freagairt ar fhadhbanna drugaí — https://www.emcdda.europa.eu/publications/health-and-social-responses-a-european-guide_en